Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1405

17.5.2024

**TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2024/1405 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Márta 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhair chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgeadh a chur leis**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(6), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról tábhachtach ag bithbhreoslaí agus bithgháis inbhuanaithe maidir le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú in earnálacha a mheastar a bheidh ag brath ar bhreoslaí leachtacha san fhadtéarma. Tugadh isteach le Treoir (AE) 2018/2001 forálacha nua chun an úsáid a bhaintear as bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bhunábhair a chur chun cinn, ar bunábhair iad a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Leis an anailís a rinneadh ar amhábhair áirithe i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 28(6), an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2018/2001, léiríodh go bhfuil acmhainneacht acu mar bhunábhair chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgeadh. Dá bhrí sin, ba cheart na hamhábhair sin a chur le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

(3) An féidir na bunábhair a phróiseáil le hardteicneolaíochtaí amháin nó an féidir iad a phróiseáil isteach i mbithbhreoslaí nó i mbithgháis le teicneolaíochtaí seanbhunaithe, is é sin an critéar lena gcinntear an gcuirtear bunábhair le Cuid A nó le Cuid B d'Iarscríbhinn IX. In éagmais sainmhíniú ar ardteicneolaíochtaí agus ar theicneolaíochtaí seanbhunaithe i dTreoir (AE) 2018/2001, is iomchuí roinnt tosca a mheas agus bunábhair á gcur le Cuid A d'Iarscríbhinn IX nó Cuid B d'Iarscríbhinn IX. Áirítear leis sin leibhéal úsáide na dteicneolaíochtaí, le hais táscairí le haghaidh ullmhacht na teicneolaíochta agus táscairí le haghaidh ullmhachta tráchtála freisin. Thairis sin, bíonn éagsúlacht maidir le leibhéal aibíochta na teicneolaíochta sna cineálacha breoslaí a tháirgtear. A mhéid a bhaineann le barra breise agus le barra a fhástar ar thalamh atá díghrádaithe go mór, na teicneolaíochtaí is gá chun na bunábhair sin a phróiseáil isteach i mbithbhreoslaí a úsáidtear san eitlíocht, ní chuirtear in úsáid ar bhonn tráchtála ar scála iad go fóill, cé go bhfuil teicneolaíochtaí seanbhunaithe ar fáil cheana féin agus go gcuirtear in úsáid ar scála iad chun cineálacha eile bithbhreoslaí a úsáidtear in earnálacha iompair eile a phróiseáil, amhail bithdhíosal, bitheatánól agus bithghás. Dá bhrí sin, na bunábhair sin, i gcás ina n-úsáidtear go heisiach iad chun bithbhreoslaí a tháirgeadh le haghaidh earnáil na heitlíochta, is iomchuí iad a chur le Cuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir, agus le Cuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir, i gcás ina n-úsáidtear na bunábhair chun cineálacha eile bithbhreoslaí a tháirgeadh, ar bithbhreoslaí iad a úsáidtear in earnálacha iompair eile.

(4) Ba cheart don Choimisiún a mheasúnú go rialta an leanann na hamhábhair a áirítear mar bhunábhar chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgeadh le haghaidh earnáil an iompair de na critéir agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 28(6) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a chomhlíonadh, go háirithe ar bhealach inbhuanaithe, agus ba cheart dó a áirithiú nach ndíspreagtar infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí próiseála is forbartha, lena n-áirítear na teicneolaíochtaí is gá chun breoslaí de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh, agus gur féidir na spriocanna ábhartha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2018/2001 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir 2018/2001 mar a leanas:

(1) i gCuid A, cuirtear na bunábhair seo a leanas leis:

‘(r) Olaí fiúsail ó dhriogadh alcólach;

(s) Meatánól amh ó chraftlaíon de thoradh laíon adhmaid a tháirgeadh;

(t) Barra breise, amhail barra eatraimh agus barra cumhdaigh a fhástar i gceantar ina bhfuil táirgeadh na mbarr bia agus beatha teoranta do bhuain amháin mar thoradh ar thréimhse fáis ghearr, agus ar choinníoll nach ngníomhachtaítear lena n-úsáid éileamh ar thalamh breise, agus ar choinníoll go gcoinnítear an t-ábhar orgánach san ithir ar bun, i gcás ina n-úsáidtear iad chun bithbhreosla a tháirgeadh le haghaidh earnáil na heitlíochta;

(u) Barra a fhástar ar thalamh atá díghrádaithe go mór, seachas barra bia agus beatha, i gcás ina n-úsáidtear iad chun bithbhreosla a tháirgeadh le haghaidh earnáil na heitlíochta;

(v) Cianabaictéir.’;

(2) i gCuid B, cuirtear na bunábhair seo a leanas leis:

‘(c) Barra damáistithe nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid sa slabhra bia agus beatha, seachas substaintí atá modhnaithe nó éillithe d’aon ghnó chun an sainmhíniú seo a chomhlíonadh;

(a) Fuíolluisce cathrach agus díorthaigh seachas sloda séarachais;

(b) Na barra a fhástar ar thalamh atá díghrádaithe go mór, seachas barra bia agus beatha, agus bunábhair a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn seo, i gcás nach n-úsáidtear iad chun bithbhreosla a tháirgeadh le haghaidh earnáil na heitlíochta;

(c) Barra breise, amhail barra eatraimh agus barra cumhdaigh, seachas bunábhair a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn seo, a fhástar i gceantar ina bhfuil táirgeadh na mbarr bia agus beatha teoranta do bhuain amháin mar thoradh ar thréimhse fáis ghearr, agus ar choinníoll nach ngníomhachtaítear lena n-úsáid éileamh ar thalamh breise, agus ar choinníoll go gcoinnítear an t-ábhar orgánach san ithir ar bun, i gcás nach n-úsáidtear iad chun bithbhreosla a tháirgeadh le haghaidh earnáil na heitlíochta.’.